

## **Nuashonrú ar Leithdháiltí Múinteoirí agus ar Phainéil Ath- imlonnaithe**

**ag leibhéal na Bunscoile don scoilbhliain 2020/21:**

**Staid faoi 19/06/2020**

### **Leithdháiltí Múinteoirí agus ath-implonnú múinteoirí buana/ agus CID breise**

Foilsíodh Ciorclán na Roinne 0018/2020 i Márta 2020 inar leagadh amach na socrúithe foirne i mbunscoileanna sa scoilbhliain 2020/21. Ag an bpointe seo, tá próiseas leithdháilte múinteoirí curtha i gcrích den chuid is mó le haghaidh bunús scoileanna.

I láthair na huaire tá **31 múinteoir buana/CID ar phainéil le haghaidh ath-implonnaithe** chuig folúntais i scoileanna eile.

Cliceáil [anseo](#) don liosta achomair is déanaí le haghaidh gach ceann de na painéil aonair ath-implonnaithe.

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna go bhfuil ath-implonnú gach múinteoir buan sa bhreis rithábhactach maidir le cumas na Roinne a bhuiséad párolla a bhainistiú.

**Dé Céadaoin 15 Meitheamh 2020 an fráma ama don phróiseas ath-implonnaithe faoi stiúir na scoile.**

Tá an Roinn i gcomhairle le hOibríteoirí an Phainéil maidir le dul chun cinn i ndáil le painéil imréitithe ar bhealach tráthúil. Bhí an Roinn i gcomhairle leis na hoibríteoirí painéil ábhartha agus ceapadh **Oifigigh Phainéal** de réir na socrúithe ath-implonnaithe foilsithe.

Cliceáil [anseo](#) le haghaidh na caipéise ar Cheisteanna Coitianta - Socrúithe Ath-Implonnaithe le haghaidh Múinteoirí Buana agus CID breise ina léirítear na leasúithe éagsúla atá déanta le blianta beaga anuas maidir le socrúithe na bpainéal ath-implonnaithe.

### **Dul chun cinn chuig an gcéad chéim eile den earcaíocht**

I Deoise ina bhfuil an Príomh-Phainéal glanta, féadfar aon phoist bhuna atá fágtha a líonadh ón bpainéal Forlíontach agus is féidir gach folúntas ar théarma seasta a fhógairt de réir théarmaí chiorclach 18/2020.

Scaoilfear an painéal Forlíontach do na Deoise seo níos déanaí sa lá.

I nDeoiseacha nár ghlan an príomhphainéal (féach nuashonrú an phainéil) ní fhéadfaidh scoileanna a bhfolúntais ar théarma seasta a fhógairt ach, faoi réir go mbeidh an líne seo a leanas san áireamh san fhógra.

*“Tá líonadh an phoist seo faoi réir nach mbeidh an post ag teastáil le haghaidh príomhphróiseas ath-implonnaithe an phainéil”.*

Clúdaíonn an líne thuas an poitéinseal go bhféadfadh post téarma seasta a bheith ag teastáil fós do mhúinteoir ar an bpríomhphainéal nó do dhuine a fhéadfadh a chur ar an bpríomhphainéal níos déanaí (de réir Roinn 6.3.1 de na Ceisteanna Coitianta- treoirlínte ath-implonaithe). Tá an poitéinseal go n-éireoidh sé seo íseal agus má dhéanann sé déanfaidh Oibreoir na Roinne / an Phainéal teagmháil dhíreach leis an scoil / na scoileanna ábhartha. Ní cheanglaítear ar mhúinteoirí ar an bpríomhphainéal iarratas a dhéanamh ar phoist téarma shocraithe a fhógraítear.

Eiseoidh an Painéal Forlíontach do na réimsí seo nuair a ghlanfar an príomhphainéal.

Tabhair faoi deara le do thoil, de réir na dtéarmaí a leagtar amach in 6.3.6 sna treoirlínte um ath-implonú Ceisteanna Coitianta - Forchoimeádann an Roinn an ceart múinteoir a ath-implonú ón bpríomhphainéal i bpost buan dá ndéanfaí an múinteoir sin a ath-implonú i dtéarma seasta post (ba é seo an t-aon rogha ag an am sonrach sin).

Tá an **painéal forlíontach** i bhfeidhm anois le haghaidh oibrítheoirí na bpainéal sa réimse seo a leanas:

**Deoisí Caitliceacha:** **Gach limistéar seachas Deoisí Achonry, Clonfert, Dublin, Ferns, Kildare&Leighlin, Meath, Ross, Waterford&Lismore**

**Eaglais na hÉireann:** **Gach limistéar**

**Ag Foghlaim Le Chéile:** **Gach limistéar**

Is féidir le scoileanna sna limistéir seo thuas a bhfuil na socruithe ath-implonaithe comhlíonta acu agus a chuir gach folúntas in iúl dá n-oibrítheoirí painéil ábhartha, dul ar aghaidh anois agus a **bpoist ar théarma seasta** a líonadh de réir na socruithe atá leagtha amach i gCiorclán na Roinne 0023/2015 (Feidhmiú Mholtaí An Ghrúpa Saineolaithe Ar Fhostaíocht Téarma Seasta agus Páirtaimseartha San Oideachas Bunscoile agus San Oideachas Dara Leibhéal in Éirinn - Tuarascáil Ward).

Is féidir le gach scoil eile sna limistéir seo thuas nach bhfuil rochtain acu ar phainéal dul ar aghaidh agus a bpoist bhvana agus a bpoist ar théarma seasta a líonadh a fhad is go bhfuil a gcuid folúntas curtha in iúl don Roinn de réir na socruithe atá leagtha amach i gCiorclán 0018/2020.

### **Painéil Fhorlíontacha don scoilbhliain 2020/21**

Cliceáil [anseo](#) don liosta achomair maidir le líon na múinteoirí curtha ar gach Painéal Forlíontach.

Cliceáil [anseo](#) le haghaidh na caipéise ar Cheisteanna Coitianta - Socruithe Ath-Implonaithe le haghaidh Múinteoirí Buana sa Bhreise agus CID Breise ina léirítear na leasuithe éagsúla atá déanta le blianta beaga anuas ar shocruithe na bpainéal ath-implonaithe.